


# Ag Péinteáil



Cheannaigh Daidí **péint** sa siopa inné. Tar éis an lóin **thosaigh sé** ag péinteáil. Chuir sé péint ar na ballaí leis an scuab. Sheas sé ar chathaoir nuair a bhí sé ag obair. Tháinig Nóra isteach sa seomra. Fuair sí an scuab agus **amach léi** go dtí an chistin. Chuir sí péint ar an mballa agus ar an doras. Nuair a tháinig Mamaí isteach bhí sí **ar buile.** Ghlan sí an balla agus an doras.

Foclóir: scuab, brush ghlan sí, she cleaned

### A. Líon isteach na bearnaí:

chean-aigh, tho-aigh, sio-a, scu-b, bal-aí, péi-t, an chi-tin.

# B. Líon isteach na bearnaí:

- 1. Cheannaigh Daidí péint sa inné.
- 2. Tar éis an thosaigh sé ag péinteáil.
- 3. Chuir sé péint — leis an scuab.
- 4. Tháinig Nóra isteach —.
- 5. Ghlan sí an agus an —.

## C. Scríobh amach an freagra ceart:

- 1. Cad a cheannaigh Daidí sa siopa?
  - péint.
  - úll.
  - leabhar.
- 2. Cé a sheas ar chathaoir?
  - Nóra.
  - Mamaí.
  - Daidí.
- 3. Cad a rinne Nóra?
  - D'ith sí an dinnéar.
  - Chuir sí péint ar an mballa agus ar an doras.
  - Ghlan sí an balla.

### D. Freagair na ceisteanna:

- 1. Cé a cheannaigh péint sa siopa?
- 2. Cathain a thosaigh sé ag péinteáil?
- 3. Cad a rinne Daidí leis an scuab?
- 4. Cathain a sheas sé ar chathaoir?
- 5. Cén fáth a raibh Mamaí ar buile?
- 6. Céard a rinne Mamaí?

# Gramadach 18

### (i) Lion isteach na bearnaí:

- Sampla: Fuair sé an scuab agus amach leis go dtí an chistin.
- 1. Fuair sí an scuab agus amach go dtí an chistin.
- 2. Fuair mé mo chóta agus amach go dtí an chistin.
- 3. Fuaireamar ár gcótaí agus amach ag siúl.
- (ii) Scríobh amach an scéal ag tosú mar seo: Níor cheannaigh Daidí péint sa siopa inné. Tar éis an lóin níor